CINNEADH (CBES) 2022/307 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES ([1]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2012/642/CBES, agus i bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis i gcónaí, ba cheart na bearta sriantacha a shíneadh go dtí an 28 Feabhra 2023.

(3) Na ráitis ar na cúiseanna a bhaineann le 27 nduine nádúrtha agus seachtar daoine dlítheanacha a áirítear ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, nó an fhaisnéis aitheantais a bhaineann leis na daoine sin, ba cheart iad a leasú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 28 Feabhra 2023.

2. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh agus déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nach bhfuil a chuspóirí comhlíonta.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

([1]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1).

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) i dtábla "A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 3(1) agus 4(1)", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 2, 3, 8, 16, 18, 19, 20, 21, 30, 31, 33, 46, 49, 50, 53, 70, 77, 87, 88, 112, 114, 121, 123, 124, 125, 127 agus 144:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
"2.	Dzmitry Valerievich PAULICHENKA, Dmitri Valerievich PAVLICHENKO (Dmitriy Valeriyevich PAVLICHENKO)	Дзмітрый Валер'евіч ПАЎЛІЧЭНКА Дмитрий Валериевич ПАВЛИЧЕНКО	Post/Poist: IarCheannasaí ar Special Rapid Response Unit (SOBR) Ceannasaí ar aonad de chuid OMON Dáta breithe: 1966 Áit bhreithe: Vitebsk/Viciebsk iarUSSR (Belarus anois) Seoladh: Belarusian Association of Veterans of Special Forces of the Ministry of Internal Affairs 'Honour', 111 Mayakovskogo St., 220028 Minsk, Belarus Inscne: fireann	Duine lena mbaineann príomhtháibhacht i gcásanna gan réiteach is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski sa Bhealarúis in 1999-2000. IarCheannasaí ar Special Rapid Response Unit (SOBR) ag an Ministry of Internal Affairs (MoIA). Fear gnó, Ceannaire ar 'Honour', Cumann Iarshaighdiúirí ó Fhórsaí Speisialta MoIA. Aithníodh é a bheith i gceannas ar aonad OMON le linn na cniogbheartaíochta brúidiúla ar lucht agóide, a tharla sa Bhealarúis tar éis thoghchán uachtaránachta 2020.	24.9.2004
3.	Viktar Uladzimiravich SHEIMAN (Viktar Uladzimiravich SHEYMAN) Viktor Vladimirovich SHEIMAN (Viktor Vladimirovich SHEYMAN)	Віктар Уладзіміравіч ШЭЙМАН Виктор Владимирович ШЕЙМАН	Post/Poist: IarCheann ar an Belarus President Property Management Directorate Dáta breithe: 26.5.1958 Áit bhreithe: Soltanishki, Grodno/Hrodna Region/Oblast iarUSSR (Belarus anois) Seoladh: Belarus President Property Management Directorate, 38 Karl Marx St., 220016 Minsk, Belarus Inscne: fireann	Iar-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate. Freagrach as cásanna gan réiteach is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Rúnaí ar an Security Council. Is Cúntóir/Cúntóir Speisialta don Uachtarán é Sheiman go fóill. Is comhalta gníomhach údarásach é go fóill i réimeas Lukashenka.	24.9.2004

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
8.	Siarhei Mikalaevich KHAMENKA Sergei Nikolaevich KHOMENKO	Сяргей Мікалаевіч ХАМЕНКА Сергей Николаевич ХОМЕНКО	Post/Poist: IarLeas-Aire Internal Affairs, Maorghinearál sa Militia (fórsa póilíneachta) An tAire Dlí agus Cirt Dáta breithe: 21.9.1966 Áit bhreithe: Yasinovataya, iarUSSR (Ukraine anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Aire an Ministry of Internal Affairs (MoIA), ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Aire Gnóthaí Baile.	2.10.2020
16.	Aliaksandr Mikhailavich ALIASHKEVICH Alexander Mikhailovich ALESHKEVICH	Аляксандр Міхайлавіч АЛЯШКЕВІЧ Александр Михайлович АЛЕШКЕВИЧ	Post/Poist: IarChéad-Leas-Cheann ar an District Department of Internal Affairs in Moskovsky District, Minsk, Ceann ar an Criminal Police Ceann ar an District Department of Internal Affairs in Leninsky District, Minsk Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Chéad-Leas-Cheann ar District Department of Internal Affairs in Moskovsky District, Minsk, agus Ceann ar an Criminal Police, ba é a bhí freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa dúiche sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an District Department of Internal Affairs in Leninsky District, Minsk.	2.10.2020
18.	Aliaksandr Paulavich VASILIEU Alexander Pavlovich VASILIEV	Аляксандр Паўлавіч ВАСІЛЬЕЎ Александр Павлович ВАСИЛЬЕВ	Post/Poist: iarCheann ar an Department of Internal Affairs of Gomel/Homyel Region/Oblast Executive Committee Ceann ar an Academy of the Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 24.3.1975 Áit bhreithe: Mahiliou/Mogilev, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar an Department of Internal Affairs of Gomel/Homyel Region/Oblast Executive Committee, ba é a bhí freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa Region/Oblast sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an Academy of the Ministry of Internal Affairs.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
19.	Aleh Mikalaevich SHULIAKOUSKI Oleg Nikolaevich SHULIAKOVSKI	Алег Мікалаевіч ШУЛЯКОЎСКІ Олег Николаевич ШУЛЯКОВСКИЙ	Post/Poist: IarChéad-Leas-Cheann ar an Department of Internal Affairs of Gomel/Homyel Region/Oblast Executive Committee, Ceann ar an Criminal Police Ceann ar an Department of Internal Affairs of the Brest Region/Oblast Executive Committee Dáta breithe: 26.7.1977 Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Chéad-Leas-Cheann ar Department of Internal Affairs of Gomel/Homyel Region/Oblast Executive Committee agus Ceann ar an Criminal Police, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin/oblast i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an Department of Internal Affairs of the Brest Region/Oblast Executive Committee.	2.10.2020
20.	Anatol Anatolievich VASILIEU Anatoli Anatolevich VASILEV	Анатоль Анатольевіч ВАСІЛЬЕЎ Анатолий Анатольевич ВАСИЛЬЕВ	Post/Poist: IarLeas-Cheann ar an Department of Internal Affairs of Gomel/Homyel Region/Oblast Executive Committee, Ceann ar an Public Safety Police Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee Dáta breithe: 26.1.1972 Áit bhreithe: Gomel/Homyel, Gomel/Homyel Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheann ar an Department of Internal Affairs of Gomel/Homyel Region/Oblast Executive Committee agus Ceann ar Public Safety Police, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin/san oblast sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
21.	Aliaksandr Viachaslavavich ASTREIKA Alexander Viacheslavovich ASTREIKO	Аляксандр Вячаслававіч АСТРЭЙКА Александр Вячеславович АСТРЕЙКО	Post/Poist: IarCheann ar an Department of Internal Affairs of Brest Region/Oblast Executive Committee, Maor-Ghinearál an Militia (fórsa póilíneachta) Ceann ar an Department of Internal Affairs of the Minsk Region/Oblast Executive Committee Dáta breithe: 22.12.1971 Áit bhreithe: Kapyl, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar Department of the Internal Affairs of Brest Region//Oblast Executive Committee agus Maor-Ghinearál an Militia, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa Region/Oblast sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh, i gcoinne léirsitheoirí síochánta. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an Department of Internal Affairs of the Minsk Region/Oblast Executive Committee.	2.10.2020
30.	Uladzimir Viktaravich KALACH Vladimir Viktorovich KALACH	Уладзімір Віктаравіч КАЛАЧ Владимир Викторович КАЛАЧ	Post/Poist: IarChéad-Leas-Chathaoirleach an State Security Committee (KGB) Cúntóir ag an Uachtarán ar Republic of Belarus — Cigire do Minsk Region//Oblast Inscne: fireann Céim: Maor-Ghinearál	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Chathaoirleach ar an State Security Committee (KGB), ba é a bhí freagrach as rannpháirtíocht KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, agus comhaltaí an fhreasúra. Tá sé fós gníomhach i réimeas Lukashenka mar Chúntóir ag Uachtarán na Bealarúise — Cigire do Minsk Region/Region/Oblast.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
31.	Alieg Anatolevich CHARNYSHOU Oleg Anatolievich CHERNYSHEV	Алег Анатольевіч ЧАРНЫШОЎ Олег Анатольевич ЧЕРНЫШЁВ	Post/Poist: IarChéad-Leas-Chathaoirleach an State Security Committee (KGB) Leas-Chathaoirleach ar an Presidium of the National Academy of Sciences Inscne: fireann Céim: Maor-Ghinearál	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Chathaoirleach ar an State Security Committee (KGB), ba é a bhí freagrach as rannpháirtíocht KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, agus comhaltaí an fhreasúra. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Chathaoirleach ar an Presidium of the National Academy of Sciences.	2.10.2020
33.	Lidzia Mihailauna YARMOSHINA Lidia Mikhailovna YERMOSHINA	Лідзія Міхайлаўна ЯРМОШЫНА Лидия Михайловна ЕРМОШИНА	Post/Poist: IarChathaoirleach ar an Central Electoral Commission (CEC) Dáta breithe: 29.1.1953 Áit bhreithe: Slutsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: baineann	Sa phost a bhí aici mar Chathaoirleach ar Central Electoral Commission (CEC), ba í a bhí freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach thoghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus an ceannaireacht air, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, iarrthóirí áirithe de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach claonta.	2.10.2020
46.	Viktar Aliaksandravich LUKASHENKA Viktor Aleksandrovich LUKASHENKO	Віктар Аляксандравіч ЛУКАШЭНКА Виктор Александрович ЛУКАШЕНКО	Post/Poist: Roimhe seo bhí sé ina National Security Advisor to the President, Comhalta den Security Council Uachtarán ar an National Olympic Committee of Belarus	Sa phost a bhí aige mar National Security Advisor don Uachtarán agus mar chomhalta den Security Council, chomh maith lena ról neamhfhoirmiúil faireacháin i ndáil le fórsaí slándála na Bealarúise, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas stáit tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.	6.11.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Dáta breithe: 28.11.1975 Áit bhreithe: Mahiliou/Mogilev, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Aitheantais Phearsanta: 3281175A014PB8	Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Chathaoirleach ar an National Olympic Committee. Sa phost seo, dá ceapadh é an 26 Feabhra 2021, tá sé freagrach as an drochíde a thug oifigigh NOC don lúthchleasaí Krystsina Tsimanouskaya le linn na gCluichí Oilimpeacha Samhraidh 2020 i dTóiceo.	
49.	Raman Ivanavich MELNIK Roman Ivanovich MELNIK	Раман Іванавіч МЕЛЬНІК Роман Иванович МЕЛЬНИК	Post/Poist: IarCheann an Main Directorate of Law and Order Protection and Prevention ag an Ministry of Internal Affairs Ceann an Administration of the Leninsky District of Minsk Dáta breithe: 29.5.1964 Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Cheann an Main Directorate of Law and Order Protection and Prevention ag an Ministry of Internal Affairs, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an Administration of the Leninsky District of Minsk.	6.11.2020
50.	Ivan Danilavich NASKEVICH Ivan Danilovich NOSKEVICH	Іван Данілавіч НАСКЕВІЧ Иван Данилович НОСКЕВИЧ	Post/Poist: IarChathaoirleach ar an Investigative Committee Comhalta cúltaca den Investigative Committee Dáta breithe: 25.3.1970 Áit bhreithe: village of Cierabličy in Brest Region/Oblast iarUSSR, (Belarus anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Chathaoirleach ar an Investigative Committee, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas diansmachta agus imeaglaithe a raibh an coiste i gceannas air tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe imscrúduithe a seoladh in aghaidh an Coordination Council agus i gcoinne léirsitheoirí síochánta. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar chomhalta cúltaca den Investigative Committee.	6.11.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
53.	Andrei Fiodaravich SMAL Andrei Fyodorovich SMAL	Андрэй Фёдаравіч СМАЛЬ Андрей Федорович СМАЛЬ	Post/Poist: IarChathaoirleach ar an Investigative Committee Dáta breithe: 1.8.1973 Áit bhreithe: Brest iarUSSR, (Belarus anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas diansmachta agus imeaglaithe a raibh an coiste i gceannas air tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe imscrúduithe a seoladh in aghaidh an Coordination Council agus i gcoinne léirsitheoirí síochánta.	6.11.2020
70.	Aleh Heorhievich KARAZIEI Oleg Georgievich KARAZEI	Алег Георгіевіч КАРАЗЕЙ Олег Георгиевич КАРАЗЕЙ	Post/Poist: Iarcheannasaí an Prevention Department of the Main Department of Law Enforcement and Prevention of the Public Security Police den Ministry of Internal Affairs Ollamh comhlach ag an Academy of Ministry of Internal Affairs Dáta breithe: 1.1.1979 Áit bhreithe: Minsk Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Cheann an Prevention Department of the Main Department of Law Enforcement and Prevention of the Public Security Police den Ministry of Internal Affairs, is é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar ollamh comhlach ag an Academy of Ministry of Internal Affairs.	17.12.2020
77.	Viktar Ivanavich STANISLAUCHYK Viktor Ivanovich STANISLAVCHIK	Віктар Іванавіч СТАНІСЛАЎЧЫК Виктор Иванович СТАНИСЛАВЧИК	Post/Poist: IarLeas-Cheann an Police Department de Sovetsky District in Minsk, Ceann an Public Security Police An Chéad Leas-Cheann ar an Center of Advanced Studies and Specialists den Ministry of Internal Affairs	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Cheann an Police Department de Sovetsky District in Minsk agus Ceann an Public Security Police, is é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fórsa póilíneachta áitiúil faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta, céasadh san áireamh, mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Dáta breithe: 27.1.1971 Inscne: fireann	De réir finnéithe, rinne sé féin maoirseacht go pearsanta ar choinneáil neamhdhleathach léirsitheoirí agus ar léasadh iad siúd a coinníodh go neamhdhleathach. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar an chéad Leas-Cheann ar an Center of Advanced Studies and Specialists den Ministry of Internal Affairs.	
87.	Aliaksandr Vasilevich SHAKUTSIN Aleksandr Vasilevich SHAKUTIN	Аляксандр Васільевіч ШАКУЦІН Александр Васильевич ШАКУТИН	Post/Poist: Fear gnó, chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí ghabháltas Amkodor Dáta breithe: 12.1.1959 Áit bhreithe: Bolshoe Babino, Orsha Rayon, Vitebsk/ Viciebsk Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann	Tá sé ar cheann de na fir ghnó cheannródaíocha a oibríonn sa Bhealarúis, agus tá leasanna gnó aige san earnáil tógála, tógála innealra, talmhaíochta agus in earnálacha eile. Tuairiscítear gurb é duine de na daoine is mó a thairbhigh as príobháidiú le linn sheal Lukashenka mar Uachtarán. Tá sé ina iarchomhalta de phraesaidiam an chomhlachais phoiblí atá ar son Lukashenka 'Belaya Rus' agus ina iarchomhalta den Council for the Development of Entrepreneurship in the Republic of Belarus. I mí Iúil 2020, cháin sé go poiblí agóidí an fhreasúra sa Bhealarúis, agus ar an gcaoi sin thacaigh sé le beartas cos ar bolg de chuid réimeas Lukashenka i leith agóideoirí síochánta, an fhreasúra dhaonlathaigh agus na sochaí sibhialta. Tá leasanna gnó i gcónaí aige sa Bhealarúis.	17.12.2020
88.	Mikalai Mikalaevich VARABEI/VERABEI Nikolay Nikolaevich VOROBEY	Мікалай Мікалаевіч ВАРАБЕЙ/ВЕРАБЕЙ Николай Николаевич ВОРОБЕЙ	Post/Poist: Fear gnó, comhúinéir Bremino Group Dáta breithe: 4.5.1963 Áit bhreithe: Ukraine, iarUSSR (Ukraine anois) Inscne: fireann	Tá sé ar cheann de na fir ghnó cheannródaíocha a oibríonn sa Bhealarúis, agus a raibh leasanna gnó aige in earnáil an pheitriliaim, iompair guail, san earnáil baincéireachta agus in earnálacha eile. Is comhúinéir é ar Bremino Group - cuideachta a bhain tairbhe as buntáistí cánach agus as cineálacha eile tacaíochta ó réimeas na Bealarúise. Tugadh ceart eisiach dá chuideachta, BelKazTrans, gual a aistriú tríd an mBealarúis. I mí na Nollag 2020, d'aistrigh sé cuid dá shócmhainní chuig a dhlúth-chomhpháirtithe gnó. De réir tuarascálacha sna meáin tá smacht i gcónaí aige ar	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				chuideachtaí Interservice agus Oil Bitumen Plant. Tá gníomhaíochtaí gnó agus dlúthchaidreamh aige le húdaráis na Bealarúise agus thug sé dhá ghluaisteán sóchais do Lukashenka. Tá leasanna gnó aige freisin san Úcráin agus sa Rúis. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus as an tacaíocht a thugann sé don réimeas.	
112.	Siarhei Aliaksandravich GUSACHENKA Sergey Alexandrovich GUSACHENKO	Сяргей Аляксандравіч ГУСАЧЭНКА Сергей Александрович ГУСАЧЕНКО	Post/Poist: Leas-Chathaoirleach ar an National State Television and Radio Company (Belteleradio Company) Dáta breithe: 5.11.1983 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Teil. (oifige): +375 (17) 369-90-15	Ina phost mar Leas-Chathaoirleach an Belteleradio Company (Cuideachta Theilifíse an Stáit agus Cuideachta Raidio), údar agus láithreoir an chláir teilifíse bolscaireachta sheachtainiúil 'Glavnyy efir', tá faisnéis bhréagach á soláthar go fonnmhar ag Siarhei Gusachenka do mhuintir na Bealarúise faoi thorthaí na dtoghchán, faoi agóidí, faoin gcos ar bolg atá á himirt ag údaráis an stáit agus faoi ghníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú mídhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais. Tá sé freagrach as an gcaoi a gcuireann state television faisnéis ar fáil faoi staid na tíre, ag tacú ar an gcaoi sin leis na húdaráis lena n-áirítear Lukashenka. Mar sin, is é atá freagrach as tacú le réimseas Lukashenka.	21.6.2021
114.	Volha Mikalaeuna CHAMADANAVA Olga Nikolaevna CHEMODANOVA	Вольга Мікалаеўна ЧАМАДАНАВА Ольга Николаевна ЧЕМОДАНОВА	Post/Poist: IarPhreas-Rúnaí an Ministry of Internal Affairs of Belarus Ceann an Main Directorate for Ideology and Youth den Minsk City Executive Committee Dáta breithe: 13.10.1977 Áit bhreithe: Minsk Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois)	Sa phost a bhí aici mar an té is mó a bhíonn ag plé leis na meáin sa Ministry of Internal Affairs of Belarus, bhí ról ríthábhachtach ag Volha Chamadanava maidir leis na fíorais a bhaineann le foréigean i gcoinne agóideoirí a chur as a riocht agus aird a tharraingt díobh agus maidir le faisnéis bhréagach a scaipeadh fúthu. Rinne sí bagairt ar agóideoirí síochánta agus lean sí d'údar a thabhairt leis an bhforéigean ina gcoinne. Toisc go raibh sí bainteach leis an bhfearas slándála agus gur labhair sí thar a cheann, tá sí ag tabhairt tacaíochta do réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Grád: Coirnéal Pas: MC1405076	Tá sí gníomhach i gcónaí i réimeas Lukashenka mar Cheann ar an Main Directorate for Ideology and Youth den Minsk City Executive Committee.	
121.	Liliya Valereuna LUKASHENKA (SIAMASHKA) Liliya Valerevna LUKASHENKO (SEMASHKO)	Лілія Валер'еўна ЛУКАШЭНКА (СЯМАШКА) Лилия Валерьевна ЛУКАШЕНКО (СЕМАШКО)	Post/Poist: Bean ghnó, stiúrthóir ar dhánlann Dáta breithe: 29.10.1979 Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Aitheantais Phearsanta: 4291079A047PB1	Is í Liliya Lukashenka bean chéile Viktar Lukashenka agus is banchliamhain le Aliaksandr Lukashenka í. Bhí dlúthbhaint aici le roinnt cuideachtaí ardphróifíle, a bhain tairbhe as réimeas Lukashenka, lena n-áirítear gnóthais Dana Holdings/Dana Astra agus Belkhudozhpromysly concern. Bhí sí i láthair, in éineacht lena fear céile Viktar Lukashenka, ag oirniú rúnda Aliaksandr Lukashenka i mí Mheán Fómhair 2020. Tá sí ina stiúrthóir ar an dánlann 'Art Chaos' faoi láthair. Cuirtear a gníomhaíochtaí gnó chun cinn trí na meáin atá ceangailte leis an réimeas. Dá bhrí sin, tá sí ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	21.6.2021
123.	Aliaksandr Yauhenavich SHATROU Alexander (Alexandr) Evgenevich SHATROV	Аляксандр Яўгенавіч ШАТРОЎ Александр Евгеньевич ШАТРОВ	Post/Poist: Fear gnó, scairshealbhóir agus iarcheann Synesis LLC Dáta breithe: 9.11.1978 Áit bhreithe: iarUSSR (Russian Federation anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach, Bealarúiseach Aitheantais Phearsanta: 3091178A002VF5	Ina phost mar iarcheann agus iarscairshealbhóir is mó Synesis LLC, bhí freagracht ar Alexander Shatrov as an gcinneadh a rinneadh an chuideachta sin ardán faireachais a chur ar fáil do na húdaráis Bhealarúiseacha, Kipod, atá in ann cuardach agus anailís a dhéanamh ar fhís-scannán agus bogearraí aghaidh-aitheanta a úsáid. Dá bhrí sin, tá sé ag rannchuidiú leis an gcos ar bolg atá á dhéanamh ag fearas an stáit ar an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach. Tairbhíonn Synesis LLC agus a fhochuideachta, Panoptes, dá rannpháirtíocht sa Republican Safety Monitoring System. Cuideachtaí eile a bhí faoi úinéireacht nó faoi chomhúinéireacht Shatrov, mar shampla BelBet agus Synesis Sport, tairbhíonn siad freisin de chonarthaí rialtais.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Rinne sé ráitis phoiblí inar cháin sé iad siúd a bhí ag agóid i gcoinne réimeas Lukashenka agus lenar léirigh sé an easpa daonlathais sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis an réimeas. Tá sé fós ina scairshealbhóir de Synesis LLC.	
124.	Siarhei Siamionavich TSIATSERYN Sergei Semionovich TETERIN	Сяргей Сямёнавіч ЦЯЦЕРЫН Сергей Семёнович ТЕТЕРИН	Post/Poist: Fear gnó, úinéir BelGlobalStart, comhúinéir VIBEL, iarchathaoirleach ar an Belarusian Tennis Federation Dáta breithe: 7.1.1961 Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá Siarhei Tsiatseryn ar dhuine de na príomhfhir ghnó atá ag feidhmiú sa Bhealarúis, agus leasanna gnó aige i ndáileadh deochanna alcólacha (trína chuideachta BelGlobalStart), táirgí bia agus troscán. Baineann sé le dlúthchiorcal Lukashenko. In 2019, tugadh deis do BelGlobalStart tús a chur le tógáil lárionaid gnó ilfheidhmigh os comhair phálás na huachtaránachta i Mionsc. Tá sé ina chomhúinéir ar an gcuideachta VIBEL, ar cuideachta í a dhíolann fógraí ar roinnt cainéal teilifíse náisiúnta sa Bhealarúis. Bhí sé ina chathaoirleach ar an Belarusian Tennis Federation agus ina iarchuntóir le Lukashenka i ndáil le cúrsaí spóirt.	21.6.2021
125.	Mikhail Safarbekovich GUTSERIEV	Микаил (Михаил) Сафарбекович ГУЦЕРИЕВ	Post/Poist: Fear gnó, scairshealbhóir agus cathaoirleach bhord feidhmeannach na gcuideachtaí Safmar agus Slavkali Dáta breithe: 9.5.1958 Áit bhreithe: Akmolinsk, iarUSSR (Kazakhstan anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fear gnó mór le rá Rúiseach é Mikhail Gutseriev, agus leasanna gnó aige sa Bhealarúis in earnáil an fhuinnimh, earnáil na potaise, earnáil an fháilteachais agus in earnálacha eile. Tá seanaithne aige ar Aliaksandr Lukashenka agus a bhuí leis an nasc sin, charnaigh sé saibhreas suntasach agus tá sé in ann tionchar a imirt i measc scothaicme pholaitiúil na Bealarúise. Ba é 'Safmar', cuideachta a bhí á rialú ag Gutseriev, an t-aon ghnólacht ola Rúiseach a lean d'ola a sholáthar do scaglanna na Bealarúise le linn na géarchéime fuinnimh idir an Bhealarúis agus an Rúis go luath in 2020.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Thacaigh Gutseriev le Lukashenka i ndíospóidí leis an Rúis faoi sheachadtaí ola freisin. Bhí Gutseriev ina chathaoirleach ar an mbord stiúrthóirí agus ina scairshealbhóir sa cuideachta Slavkali, a bhfuil an mhonarcha mianadóireachta agus próiseála clóiríde potaisiaim, Nezhinsky, á tógáil aige bunaithe ar fhosú salainn potaise, Starobinsky, gar do Lyuban. Is í an infheistíocht is mó atá déanta sa Bhealarúis, infheistíocht dar luach USD 2 bhilliún. Gheall Lukashenka go n-athbhaistfí baile Lyuban 'Gutserievsk' in ómós dó. I measc na ngnóthaí eile a bhí aige sa Bhealarúis, bhí stáisiúin pheitril agus iostaí ola, óstán, lárionad gnó agus críochfort aerfoirt i Mionsc. Chosain Lukashenka Gutseriev nuair a tionscnaíodh imscrúdú coiriúil ina choinne sa Rúis. Ghabh Lukashenka buíochas le Gutseriev freisin as na rannchuidithe airgeadais le carthanacht agus as na billiúin dollar a infheistiú sa Bhealarúis. Tuairiscítear gur thug Gutseriev bronntanais ghalánta do Lukashenka. Dhearbhaigh Gutseriev freisin gurb úinéir d'áit chónaithe ar le Lukashenka *de facto* í, agus eisean á cheilt dá bharr nuair a thosaigh iriseoirí ag imscrúdú sócmhainní Lukashenka. D'fhreastail Gutseriev ar oirniú rúnda Lukashenka an 23 Meán Fómhair 2020. I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí Lukashenka agus Gutseriev araon i láthair ag oscailt eaglaise ceartchreidmhí a ndearna Gutseriev urraíocht uirthi. De réir na dtuairiscí ó na meáin, nuair a tugadh bata agus bóthar d'fhostaithe sna meáin faoi úinéireacht stáit na Bealarúise i mí Lúnasa 2020, cuireadh oibrithe sna meáin Rúiseacha ar eitleán de chuid Gutseriev chun áit na n-oibrithe a ligeadh chun bealaí a	

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				ghlacadh, agus tugadh lóistín dóibh in Minsk Renaissance Hotel, ar le Gutseriev é. Chuidigh Gutseriev le fáil scanóirí CT don Bhealarúis le linn ghéarchéim COVID-19. Dá bhrí sin, tá Mikhail Gutseriev ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas.	
127.	Aliaksandr Mikalaevich ZAITSAU Alexander (Alexandr) Nikolaevich ZAITSEV	Аляксандр Мікалаевіч ЗАЙЦАЎ Александр Николаевич ЗАЙЦЕВ	Post/Poist: Fear gnó, comhúinéir Bremino Group agus Sohra Group Dáta breithe: 22.11.1976 Áit bhreithe: Ruzhany, Brest Region/Oblast, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is iarchuntóir é Aliaksandr Zaitsau le Viktar Lukashenka, mac, agus Adviser on National Security roimhe seo, le Aliaksandr Lukashenka. Tríd an teacht atá aige ar theaghlach Lukashenka, faigheann Zaitsau conarthaí mórbhrabúis dá gnóthaí. Bhí dlúthbhaint aige le Sohra Group, ar deonaíodh an ceart dó táirgeadh na bhfiontar faoi úinéireacht an stáit a onnmhairiú (tarracóirí agus leoraithe) chuig tíortha na Murascaille agus na hAfraice. Tá sé ina chomhúinéir agus ina chathaoirleach ar Chomhairle rannpháirtithe Bremino Group freisin. Fuair an chuideachta tacaíocht stáit chun an crios Bremino-Orsha a fhorbairt, mar aon le roinnt buntáistí eile airgeadais agus cánach agus sochair eile. Fuair Zaitsau agus úinéirí eile ar Bremino Group tacaíocht ó Viktar Lukashenka. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis an réimeas.	21.6.2021
144.	Andrei Siarheevich BAKACH Andrei Sergeevich BAKACH	Андрэй Сяргеевіч БАКАЧ Андрей Сергеевич БАКАЧ	Post/Poist: IarCheann an Zavodskoy District Police Department of Minsk An Chéad Leas-Cheann ar Internal Affairs Directorate den Grodno/Hrodna Regional Executive Committee. Dáta breithe: 19.11.1983	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Cheann an Department of Internal Affairs of the Pervomaysky District Administration of Minsk, bhí Andrei Bakach freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí póilíneachta sa mhaighean phóilíneachta seo agus as an méid a tharlaíonn i stáisiún na bpóilíní. Agus é mar Cheann, tugadh íde chruálach mhídhaonna tháireach ar agóideoirí síochánta i Mionsc sa stáisiún póilíneachta a bhí faoina smacht. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021”

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Áit bhreithe: Minsk, iarUSSR (Belarus anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Tá sé gníomhach i gcónaí i réimeas Lukashenka mar an Chéad Leas-Cheann ar Internal Affairs Directorate den Grodno/Hrodna Regional Executive Committee.	

(2) Cuirtear an tábla seo a leanas in ionad an tábla "B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)":

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
"1.	Beltechexport	Белтехэкспорт	Seoladh: Nezavisimosti Ave., 86-B Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: https://bte.by/ Seoladh ríomhphoist: mail@bte.by	Is eintiteas príobháideach é Beltechexport a onnmhairíonn airm agus trealamh míleata arna dtáirgeadh ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit na Bealarúise go tíortha san Afraic, i Meiriceá Theas, san Áise agus sa Mheánoirthear. Tá ceangal láidir ag Beltechexport le Ministry of Defense na Bealarúise. Tá Beltechexport dá bhrí sin, ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis, trí bhuntáistí a thabhairt do réimeas na huachtaránachta.	17.12.2020
2.	Dana Holdings	ТАА 'Дана Холдынгз' ООО 'Дана Холдингз'	Seoladh: Peter Mstislavets St, 9, pom. 3 (office 4)), 220076 Minsk, Belarus Cláruimhir: 690611860 Suíomhanna gréasáin: https://bir.by/; https://en.dana-holdings.com; https://dana-holdings.com/	Tá Dana Holdings ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus na tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta agus a fochuideachtaí cearta forbartha le haghaidh ceapacha talún agus d'fhorbair siad roinnt coimpléisc mhóra cónaithe agus ionaid ghnó. Tá dlúthchaidreamh leis an Uachtarán Lukashenka ag daoine aonair a dtuairiscítear ina leith go ndéanann siad ionadaíocht ar Dana Holdings. Bhí post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, in Dana Astra.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Seoladh ríomhphoist: info@bir.by Teil. +375 (29) 636-23-91	Tá Dana Holdings fós gníomhach ó thaobh an gheilleagair de sa Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Dana Holdings ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas	
3.	Dana Astra	ЗТАА 'Дана Астра' ИООО 'Дана Астра'	Seoladh: Peter Mstislavets St, 9, pom. 9-13, 220076 Minsk, Belarus Cláruimhir: 191295361 Suíomhanna gréasáin: https://bir.by/; https://en.dana-holdings.com; https://dana-holdings.com/ Seoladh ríomhphoist: PR@bir.by Teil. +375 (17) 269-32-60; +375 17 269-32-51	Tá Dana Astra, a bhíodh ina fhochuideachta de Dana Holdings, ar cheann de na forbróirí réadmhaoine agus tógálaithe príomhúla sa Bhealarúis. Fuair an chuideachta cearta forbartha le haghaidh ceapacha talún agus tá sé ag forbairt ionad ilfheidhmeach 'Minsk World', atá fógartha ag an gcuideachta mar an infheistíocht is mó dá cineál í san Eoraip. Tá dlúthchaidreamh leis an Uachtarán Lukashenka ag daoine aonair a dtuairiscítear ina leith go ndéanann siad ionadaíocht ar Dana Astra. Bhí post mór ag Liliya Lukashenka, banchliamhain an Uachtaráin, sa chuideachta. Dá bhrí sin, tá Dana Astra ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus ag tacú leis an réimeas.	17.12.2020
4.	GHU – Main Economic Department of the Presidential Administration	Главное хозяйственное управление	Seoladh: Miasnikova St. 37, Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: http://ghu.by Seoladh ríomhphoist: ghu@ghu.by	Is é Main Economic Department of the Presidential Administration (GHU) an t-oibreoir is mó ar mhargadh réadmhaoine neamhchónaithigh i bPoblacht na Bealarúise agus déanann sé maoirseacht ar chuid mhór cuideachtaí. D'iarr an tUachtarán Aliaksandr Lukashenka ar Victor Sheiman, a bhí mar iarcheann ar Belarus President Property Management Directorate a rinne rialú díreach ar GHU, sábháilteacht thoghcháin uachtaránachta 2020 a mhaoirsiú. Tá GHU, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
5.	SYNESIS LLC	ООО ‘Синезис’	Seoladh: Platonova 20B, 220005 Minsk, Belarus; Mantulinskaya 24, 123100 Moscow, Russia. Cláruimhir : 190950894 (Belarus); 7704734000/ 770301001 (Russia) Suíomh gréasáin: https://synesis.partners; https://synesis-group.com/ Seoladh ríomhphoist: yuriy.serbenkov@synesis.by Teil. +375 (17) 240-36-50	Cuireann Synesis LLC ardán maoirseachta ar fáil d’údaráis na Bealarúise, lena mbeifear in ann fís sleachta a cheadú agus a anailísiú agus bogearraí aghaidh-aithinte a úsáid, agus mar sin, tá an chuideachta freagrach as an gcos ar bolg atá á imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra ag an bhfearas stáit sa Bhealarúis. Níl cead ag fostaithe Synesis cumarsáid a dhéanamh sa Bhealarúisis, agus, mar sin, tá tacaíocht á tabhairt don bheartas idirdhealaithe ar bhonn teanga atá i bhfeidhm ag réimeas Lukashenka. Liostaítear Belarusian State Security Committee (KGB) agus an Ministry of Internal Affairs mar úsáideoirí córais a chruthaigh Synesis. Mar sin, tá an chuideachta ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sí ag tacú leis. Cháin iarcheann, bunaitheoir agus iarscairshealbhóir is mó Synesis, Alexander Shatrov, go poiblí iad siúd a bhí ag agóid i gcoinne réimeas Lukashenka agus rinne beag is fiú den easpa daonlathais sa Bhealarúis.	17.12.2020
6.	AGAT electromechanical Plant OJSC	Агат-электромеханический завод	Seoladh:. Nezavisimosti Ave. 115, 220114 Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: https://agat-emz.by/ Seoladh r-phoist: marketing@agat-emz.by Teil. +375 (17) 272-01-32 +375 (17) 570-41-45	Tá AGAT electromechanical Plant OJSC mar chuid den Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir an Council of Ministers agus Uachtarán na Bealarúise. Tá AGAT electromechanical Plant OJSC ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta ‘Rubezh’ – córas bacainní a ceapadh le haghaidh círéib a smachtú a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta a bhí	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				ann an 9 Lúnasa 2020, agus ar an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	
7.	140 Repair Plant	140 ремонтный завод	Suíomh gréasáin: 140zavod.org	Tá 140 Repair Plant mar chuid den Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir an Council of Ministers agus Uachtarán na Bealarúise. tá 140 Repair Plant, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta feithiclí iompair agus feithiclí armúrtha a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta a bhí ann an 9 Lúnasa 2020, agus an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	17.12.2020
8.	MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT)	МЗКТ - Минский завод колёсных тягачей	Suíomh gréasáin: www.mzkt.by	Tá MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT) mar chuid den Belarusian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir an Council of Ministers agus Uachtarán na Bealarúise. Tá MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT) dá bhrí sin ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Briseadh as a bpost fostaithe ZKT a chuaigh i mbun agóide nuair a thug Aliakandr Lukashenka cuairt ar an monarcha agus a chuaigh ar stailc tar éis na dtoghchán uachtaránachta sa Bhealarúis in 2020, agus mar sin, tá an chuideachta freagrach as cearta an duine a shárú.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
9.	Sohra Group / Sohra LLC	ООО Сохра	Seoladh: Revolucyonnaya 17/19, office no. 22, 220030 Minsk, Belarus Cláruimhir: 192363182 Suíomh gréasáin: http://sohra.by/ Seoladh ríomhphoist: info@sohra.by	Bhíodh Sohra company faoi úinéireacht Aliaksandr Zaitsau, ceann de na fir ghnó leis an tionchar is mó sa Bhealarúis, duine a bhfuil dlúthnaisc aige lebunaíocht pholaitiúil na Bealarúise agus dlúthchúntóir don mhac is sine ag Lukashenko, Viktor. Cuireann Sohra táirgí tionsclaíocha na Bealarúise chun cinn i dtíortha san Afraic agus sa Mheán Oirthear. Chomhbhunaigh sé an chuideachta chosanta BSVT-New Technologies a bhfuil baint aici le táirgeadh arm agus nuachóiriú diúracán. Agus leas á bhaint as a staid phribhléide, feidhmíonn Sohra mar ionadaí idir bunaíocht pholaitiúil na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus comhpháirtithe eachtracha san Afraic agus sa Mheán Oirthear. Bhí baint aige freisin le mianadóireacht óir i dtíortha na hAfraice ar bhonn lamháltas a fuair réimeas Lukashenka. Tá Sohra Group ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
10.	Bremino Group LLC	ООО ‘Бремино групп’	Seoladh: Niamiha 40, 220004 Minsk Belarus;, Bolbasovo village, Zavodskaya 1k, Orsha Region/Oblast Belarus Cláruimhir: : 691598938 Suíomh gréasáin: http://www.bremino.by Seoladh ríomhphoist: office@bremino.by; marketing@bremino.by	Is é Bremino Group tionscnóir agus comhriarthóir an Bremino-Orsha special economic zone project, a cruthaíodh le foraithne ón uachtarán arna shíniú ag Aliaksandr Lukashenka. Fuair an chuideachta tacaíocht stáit chun an crios Bremino-Orsha a fhorbairt, mar aon le roinnt buntáistí eile airgeadais agus cánach agus sochair eile. Tá úinéirí Bremino Group - Aliaksandr Zaitsau, Mikalai Varabei agus Aliaksei Aleksin - ina gcuid de chiorcal inmheánach na bhfear gnó a bhaineann le Lukashenka agus bíonn dlúthchaidreamh acu le Lukashenka agus a theaghlach. Tá Bremino Group ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin. Is é Bremino Group úinéir an Transport and Logistics Center (TLC) ar theorainn na Bealarúise-na Polainne – Bremino-Bruzgi, a d’úsáid réimeas Lukashenka mar dhídean d’imircigh a iompraíodh	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				go teorainn na Bealarúise agus an Aontais agus é d'aidhm acu é a thrasnú go neamhdhleathach. Chomh maith leis sin, ba shuíomh é Bremino-Bruzgi TLC de chuairt bholscaireachta Lukashenka ar na himircigh. Dá bhrí sin, tá Bremino Group ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	
11.	Globalcustom Management, LLC	ООО 'Глобалкастом-менеджмент'	Seoladh: Nemiga 40/301, Minsk, Belarus Cláruimhir: 193299162 Suíomh gréasáin: https://globalcustom.by/ Seoladh ríomhphoist: info@globalcustom.by	Tá baint ag Globalcustom Management leis an Belarus President Property Management Directorate, a bhí faoi cheannas Victor Sheiman, atá ainmnithe ag an Aontas ó 2004 i leith. Tá baint ag an gcuideachta le smuigléireacht earraí chun na Rúise, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan toiliú ó réimeas Lukashenka, a dhéanann rialú ar na gardaí teorann agus na custaim teorann. Tá an staid pribhléide in earnáil onnmhairiúcháin bláthanna chun na Rúise, rud a bhaineann an chuideachta tairbhe as, ag brath freisin ar thacaíocht ón réimeas. Ba é Globalcustom Management an chéad úinéir ar GardService, an t-aon chuideachta phríobháideach ar lig Lukashenka dóibh airm a úsáid. Tá Globalcustom Management ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
12.	Belarusski Avtomobilnyi Zavod (BelAZ) / OJSC 'BELAZ' Open Joint Stock Company 'BELAZ' - Management Company of Holding 'BELAZ-HOLDING'	ААТ 'БЕЛАЗ' ОАО 'БЕЛАЗ'	Seoladh: 40 let Octyabrya St. 4, 222161, Zhodino, Minsk Region/Oblast, Belarus Suíomh gréasáin: https://belaz.by	Tá OJSC BelAZ ar cheann de na príomhchuideachtaí faoi úinéireacht an stáit sa Bhealarúis agus ar cheann de na monaróirí is mó de thrucailí móra agus de thrucailí móra dumpála ar fud an domhain. Is foinse shuntasach ioncaim é do réimeas Lukashenka. Dúirt Lukashenka go dtacódh an rialtas i gcónaí leis an gcuideachta agus is mar 'branda na Bealarúise' agus mar 'cuid den oidhreacht náisiúnta' a chuir sé síos uirthi. Thairg OJSC BelAZ a áitreabh agus a threalamh chun mórshiúl polaitiúil a reáchtáil chun tacú le réimeas Lukashenka. Dá bhrí sin, tá OJSC BelAZ ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Rinneadh bagairt ar fhostaithe OJSC BelAZ a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, a leagan as a bpost agus rinne bainistíocht na cuideachta imeaglú orthu. Chuir OJSC BelAZ grúpa fostaithe faoi ghlas laistigh chun cosc a chur orthu dul leis na hagóideoirí eile. Lig bainistíocht na cuideachta orthu do na meáin gur cruinniú foirne a bhí i gceist le stailc. Dá bhrí sin, tá OJSC BelAZ freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	
13.	Minskii Avtomobilnyi Zavod (MAZ) / OJSC 'MAZ' Open Joint Stock Company 'Minsk Automobile Works' - Management Company of 'BELAVTOMAZ' Holding	AAT 'Мінскі аўтамабільны завод' ОАО 'Минский автомобильный завод'	Seoladh: Socialisticheskaya 2, 220021 Minsk, Belarus Suíomh gréasáin: http://maz.by/ Dáta clárúcháin: 16.7.1944 Teil. +375 (17) 217-22-22; +8000 217-22-22	Tá OJSC Minsk Automobile Plant (MAZ) ar ceann de na monaróirí gluaisteán is mó atá faoi úinéireacht an stáit sa Bhealarúis. Chuir Lukashenka síos air mar 'ceann de na fiontair tionsclaíochta is tábhachtaí sa tír'. Is foinse ioncaim é do réimeas Lukashenka. Thairg OJSC MAZ a áitreabh agus a threalamh chun mórshiúl polaitiúil a reáchtáil chun tacú leis an réimeas. Dá bhrí sin, tá OJSC MAZ ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus tacaíonn sé leis. Rinneadh imeaglú ar fhostaithe OJSC MAZ a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseacha sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020 agus leag bainistíocht na cuideachta as a bpost iad ina dhiaidh sin. Chuir OJSC MAZ grúpa fostaithe faoi ghlas laistigh chun cosc a chur orthu dul leis na hagóideoirí eile. Dá bhrí sin, tá OJSC MAZ freagrach as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
14.	Logex	ТАА 'Лагекс' ООО 'Логекс'	Seoladh: 24 Kommunisticheskaya Str., office 2, Minsk, Belarus Cláruimhir: 192695465	Tá baint ag Logex le Aliaksandr Shakutsin, fear gnó atá gar do réimeas Lukashenka, agus atá ainmnithe ag an Aontas.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Suíomh gréasáin: http://logex.by/ Seoladh ríomhphoist: info@logex.by	Tá baint ag an gcuideachta le honnmhairiú bláthanna chuig an Russian Federation ar phraghsanna dumpáilte, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan toiliú ón réimeas, a dhéanann rialú ar na gardaí teorann agus na custaim teorann. Tá an staid pribhléide in earnáil onnmhairiúcháin bláthanna chun na Rúise, rud a bhaineann an chuideachta tairbhe as, ag brath ar thacaíocht don réimeas. Is iad na cuideachtaí a bhfuil dlúthnasc acu le ceannaireacht na poblachta príomhsholáthraithe bláthanna gearrtha na Bealarúise. Tá Logex ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	
15.	JSC 'NNK' (Novaia naftavaia kampania) / New Oil Company	ЗАТ 'ННК' (Новая нафтавая кампанія) ЗАО 'ННК' (Новая нефтяная компания)	Seoladh: Rakovska St. 14W room 7, 5th floor, Minsk, Belarus Cláruimhir: 193402282	Is eintiteas a bunaíodh i Márta 2020 é Novaya Neftnaya Kompaniya (NNK), New Oil company. Is í an t-aon chuideachta phríobháideach í atá i dteideal táirgí ola a onnmhairiú ón mBealarúis — léiriú ar dhlúthnaisc leis na húdaráis agus ar an leibhéal is airde pribhléidí stáit. Tá NNK faoi úinéireacht Interservice, cuideachta atá faoi úinéireacht Mikalai Varabei atá ar cheann de na fir ghnó is mó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Tuairiscítear freisin go bhfuil NNK nasctha le Aliaksei Aleksin, fear gnó mór le rá eile ón mBealarúis a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka. De réir tuarascálacha na meán, bhí Aleskin ina bhunaitheoir ar NNK taobh le Varabei. Bhain údaráis na Bealarúise úsáid as NNK freisin chun geilleagar na Bealarúise a chur in oiriúint do bhearta sriantacha a thug an tAontas isteach. Tá NNK ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka dá bhrí sin.	21.6.2021
16.	Belaeronavigatsia Fiontar faoi úinéireacht stáit	Белаэронавігация Дзяржаўнае прадпрыемства Белаэронавигация	Seoladh: 19 Korotkevich St, 220039 Minsk, , Belarus Dáta clárúcháin: 1996 Suíomh gréasáin: http://www.ban.by/	Tá fiontar faoi úinéireacht stáit Belaeronavigatsia, freagrach as rialú aerthráchta na Bealarúise. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tuirlingt éigeantais a dhéanamh an 23 Bealtaine 2021 ar eitilt paisinéirí FR4978 go haerfort Mhionsc gan údar cuí a bheith leis. Ba é an aidhm a bhí leis an gcinneadh polaitiúil sin go ndéanfaí an	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
		Государственное предприятие	Seoladh r-phoist: office@ban.by Teil. +375 (17) 215-40-51 Facs +375 (17) 213-41-63	t-iriseoir de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a ghabháil agus a choinneáil; is brú faoi chois an méid sin i gcoinne na sochaí sibhialta agus an fhreasúra dhaonlathaigh sa Bhealarúis. Tá fiontar faoi úinéireacht stáit Belaeronavigatsia, freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	
17.	Cuideachta Comhstoic Oscailte 'Belavia Belarusian Airlines'	AAT 'Авіякампанія Белавія' ОАО 'Авиакомпания Белавиа'	Seoladh: 14A Nemiga St., 220004 Minsk, Belarus, Dáta clárúcháin: 4.1.1996 Cláruimhir: 600390798	Is í an OJSC Belavia Belarusian Airlines an chuideachta aerlíne náisiúnta atá faoi úinéireacht an Stáit. Gheall Aliaksandr Lukashenka go dtabharfadh a rialtas gach tacaíocht is féidir do Belavia tar éis don Aontas Eorpach a chinneadh cosc ar aerlínte na Bealarúise traseitiltí a dhéanamh thar aerspás an Aontais agus ar rochtain ag aerlínte na Bealarúise ar aerfoirt an Aontais a thabhairt isteach. Chuige sin, d'aontaigh sé le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin, maidir le hoscailt bealaí nua aerlínte do Belavia a phleanáil. Anuas air sin, dúirt bainistíocht Belavia lena fostaithe gan agóid a dhéanamh i gcoinne na neamhrialtachtaí toghchánaíochta agus na hollchoinneála sa Bhealarúis toisc gur fiontar faoi úinéireacht an Stáit é Belavia. Dá bhrí sin, tá Belavia ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Tá Belavia páirteach in imircigh a thabhairt ón Meánoirthear go dtí an Bhealarúis. Tá imircigh ar mian leo teorainn sheachtrach an Aontais a thrasnú ag eitilt go Mionsc ar bhord eitiltí a oibríonn Belavia ó roinnt tíortha sa Mheánoirthear, go háirithe an Liobáin, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus an Tuirc. Chun é sin a éascú, d'oscail Belavia aerbhealaí nua agus chuir sé le líon na n-eitiltí ar bhealaí a bhí ann cheana. Tá oibreoirí turais áitiúla ag gníomhú mar idirghabhálaithe agus ticéid Belavia á ndíol acu le himircigh ionchasacha, agus ar an gcaoi sin tá siad ag cuidiú le Belavia feidhmiú go rúnda.	2.12.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Dá bhrí sin, tá Belavia ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	
18.	Fofhiontar aonadach poblachtach 'TSENTRKURORT	Рэспубліканскае унітарнае прадпрыемства 'ЦЭНТРКУРОРТ' Республиканское унитарное предприятие 'ЦЕНТРКУРОРТ'	Seoladh: 39 Myasnikova St., 220030 Minsk, Belarus, Dáta clárúcháin: 12.8.2003 Cláruimhir: 100726604	Is cuid de Belarus President Property Management Directorate an chuideachta turasóireachta Stáit Tsentrkurort. Tá sé ráite go bhfuil Tsentrkurort ar cheann de na cuideachtaí a dhéanann comhordú ar shreabhadh na n-imirceach a mbíonn sé ar intinn acu an teorainn a thrasnú idir an Bhealarúis agus an Aontas. Chuidigh Tsentrkurort le 51 saoránach de chuid na hIaráice, ar a laghad, víosaí a fháil dá dturas ar an mBealarúis, agus shínigh sé conradh le haghaidh seirbhísí iompair le cuideachta na Bealarúise 'Stroitur' a tháirgeann busanna ar cíos le tiománaithe. Rinne busanna, a chuir Tsentrkurort in áirithe, imircigh (lena n-áirítear leanaí) a iompar ó aerfort Mhionsc chuig óstáin. Dá bhrí sin, tá Tsentrkurort ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
19.	Oskartour LLC	ООО Оскартур	Seoladh: 25 Karl Marx St., room 1n, Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 18.10.2016 Cláruimhir: 192721937	Is oibreoir turais é Oskartur, a d'éascaigh víosaí a fháil d'imircigh ag teacht ón Iaráic agus a d'eagraigh a dtaistil ina dhiaidh sin go dtí an Bhealarúis ar eitiltí ó Bhagdad go Mionsc. Ina dhiaidh sin, iompraíodh na himircigh Iarácacha sin go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus an tAontas agus an aidhm a bhí acu an teorainn sin a thrasnú go neamhdhleathach. A bhuí le Oskartur agus na teagmhálacha atá aige le haerlínte na hIaráice, le húdaráis na Bealarúise agus le cuideachta Tsentrkurort atá faoi úinéireachta an Stáit, sheol aerlíne na hIaráice eitiltí ó Bagdad go Mionsc go rialta, chun daoine a chur chuig an mBealarúis chun teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú go neamhdhleathach. Ghlac Oskartur páirt sa scéim trasnaithe neamhdhleathaigh teorann seo a reáchtáil seirbhísí slándála na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit.	2.12.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				Dá bhrí sin, tá sé ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	
20.	Fofhiontar aonadach poblachtach 'Hotel Minsk'	Гатэль 'Мінск' Республиканское дочернее унитарное предприятие «Отель «Минск»	Seoladh: 11 Nezavisimosti Ave., Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 26.12.2016/ 3.4.2017 Cláruimhir: 192750964 Suíomh gréasáin: http://hotelminsk.by/ Seoladh r-phoist: hotelminsk@udp.gov.by; marketing@hotelminsk.by Teil. +375 (17) 209 -90 -61 Facs +375 (17) 200 -00 -72	Is fochuideachta de Belarus President Property Management Directorate – gníomhaireacht rialtais a thuairiscíonn go díreach don Uachtarán – é Hotel Minsk. Ghlac Hotel Minsk páirt sa scéim trasnaithe neamhdhleathaigh teorann a reáchtáil seirbhísí slándála na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit. Cuireadh cóiríocht ar fáil d'imircigh san óstán sular iompraíodh iad go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus an Aontas chun go bhféadfaidís í a thrasnú go neamhdhleathach. Bhí Hotel Minsk liostaithe ag imircigh ón Iaráic mar áit chónaithe shealadach ina n-iarratais ar víosaí Bealarúiseacha, a taisceadh díreach sular tháinig siad go Bhealarúis. Dá bhrí sin, tá Hotel Minsk ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
21.	Cuideachta Comhstoic Oscailte 'Hotel Planeta'	ААТ 'Гасцініца Планета' ОАО 'Гостиница Планета'	Seoladh: 31 Pobediteley Ave., Minsk, Belarus Dáta clárúcháin: 1.2.1994/6.3.2000 Cláruimhir: 100135173 Seoladh r-phoist: planeta@udp.gov.by Suíomh gréasáin: https://hotelplaneta.by/	Is fochuideachta de Belarus President Property Management Directorate – gníomhaireacht rialtais a thuairiscíonn go díreach don Uachtarán – é OJSC Hotel Planeta. Ghlac Hotel Planeta páirt sa scéim trasnaithe neamhdhleathaigh teorann a reáchtáil seirbhísí slándála na Bealarúise agus cuideachtaí faoi úinéireacht Stáit. Cuireadh cóiríocht ar fáil d'imircigh san óstán sular iompraíodh iad go dtí an teorainn idir an Bhealarúis agus an tAontas chun go bhféadfaidís í a thrasnú go neamhdhleathach. D'íoc siad USD 1 000 le gníomhaire taistil i mBagdad as an eitilt, víosa thurasóireachta agus as cóiríocht san óstán.	2.12.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			Teil. +375 (17) 226 -78 -53 Facs +375 (17) 226 -78 -55	Dá bhrí sin, tá Hotel Planeta ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	
22.	ASAM (Asobnaia sluzhba aktyunykh merapryemstvau) OSAM (Otdiel'naya sluzhba aktivnykh mieropriyatiy)	Асобная служба актыўных мерапрыемстваў (АСАМ) Отдельная служба активных мероприятий (ОСАМ)	Seoladh: State Border Committee of the Republic of Belarus, 24 Volodarsky St., 220050, Minsk, Belarus	Is aonad garda speisialta teorann é ASAM (Separate Service for Active Measures) atá faoi smacht Viktar Lukashenka, agus a bhfuil Ihar Kruchkou i gceannas air. Eagraíonn fórsaí ASAM faoi oibríocht speisialta 'Gate' trasnuithe neamhdhleathacha teorann tríd an mBealarúis go dtí Ballstáit an Aontais, agus tá siad páirteach go díreach in iompar fisiciúil imirceach go dtí an taobh eile den teorainn. Gearrann ASAM táille ar na himircigh a iompraítear as an teorainn a thrasnú freisin. Dá bhrí sin, tá ASAM ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
23.	Cham Wings Airlines		Seoladh: PO Box 30588, Damascus, Syria Suíomh gréasáin: https://chamwings.com/	Oibreoir cairteiltí ón tSiria go dtí an Bhealarúis is ea Cham Wings Airlines. Mhéadaigh an chuideachta líon na n-eitiltí ón Damaisc go Mionsc ó shamhradh 2021 i leith chun imircigh a iompar go dtí an Bhealarúis - imircigh a raibh beartaithe acu teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú go neamhdhleathach. I bhfómhar 2021, d'oscail Cham Wings dhá oifig nua i Mionsc chomh maith chun go bhféadfaidís na heitiltí a eagrú idir an Damaisc agus Mionsc. Ar an dóigh sin, tá Cham Wings Airlines ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
24.	VIP Grub		Seoladh: Büyükdere Cad., No:201, Istanbul, Turkey	Is seirbhís pasanna agus víosaí é VIP Grub atá suite in Iostanbúl na Tuirce, agus a eagraíonn turais go dtí an Bhealarúis agus é mar rún sainráite aici imirce isteach san Aontas a éascú. Bíonn VIP Grub ag fógairt imirce go dtí an tAontas go gníomhach. Dá bhrí sin, tá VIP Grub ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí réimeas Lukashenka a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais.	2.12.2021
25.	Cuideachta Comhstoic Oscailte 'Grodno Azot' Lena n-áirítear Craobh 'Khimvolokno Plant' de Chuideachta Comhstoic 'Grodno Azot'	AAT 'Тродна Азот' ОАО 'Тродно Азот' Філіял 'Завод Хімвалакно' ААТ 'Тродна Азот' Филиал 'Завод Химволокно' ОАО 'Тродно Азот'	Seoladh: 100 Kosmonavtov Ave., Grodno/Hrodna, Belarus Dáta clárúcháin: 1965 Cláruimhir: 500036524 Suíomh gréasáin: https://azot.by/en/ Seoladh: 4 Slavinskogo, St., 230026 Grodno/Hrodna, Belarus Dáta clárúcháin: 12.5.2000 Cláruimhir: 590046884 Suíomh gréasáin: www.grodno-khim.by Seoladh ríomhphoist: office@grodno-khim.by; market@grodno-khim.by; ppm@grodno-khim.by; tnp@grodno-khim.by Teil./facs +375 (152) 39-19-00, +375 (152) 39-19-44	Is táirgeoir mór comhdhúl nítrigine é OJSC Grodno Azot atá bunaithe in Grodno/Hrodna agus atá faoi úinéireacht Stáit. Chuir Lukashenka síos air mar 'fhiontar ríthábhachtach straitéiseach'. Is le Grodno Azot Khimvolokno Plant freisin, ar monaróir mór polaimíde agus poileistir agus ábhar comhchodach é. Is foinse mhór ioncaim do réimeas Lukashenka iad Grodno Azot agus Khimvolokno Plant. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot ag tacú le réimeas Lukashenka. Thug Lukashenka cuairt ar an gcuideachta agus bhuail sé lena hionadaithe, agus phléigh siad nuachóiriú na monarcha agus cineálacha éagsúla tacaíochta Stáit. Gheall Lukashenka iasacht a d'úsáidfí chun monarcha nua nítrigine a thógáil in Grodno/Hrodna freisin. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka. Na hoibrithe in Grodno Azot, lena n-áirítear na fostaithe ag Khimvolokno Plant, a ghlac páirt sna hagóidí síochánta i gcoinne an réimis agus a chuaigh ar stailc, briseadh as a bpoist iad, agus chuir lucht bainistíochta Grodno Azot agus ionadaithe an réimis imeagla orthu agus bhagair siad iad. Tá Grodno Azot freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	2.12.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (litriú Bealarúisise) (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
26.	State Production Association 'Belorusneft'	Дзяржаўнае вытворчае аб'яднанне 'Беларуснафта' Государственное производственное объединение 'Белоруснефть'	Seoladh: 9 Rogachevskaya St., 246003 Gomel/Homyel, Belarus Dáta clárúcháin: 25.2.1966 Cláruimhir: 400051902	Is cuideachta faoi úinéireacht Stáit é Belorusneft, a oibríonn san earnáil pheitriceimiceach. Bhris lucht bainistíochta na cuideachta as a bpoist na hoibrithe a chuaigh ar stailc, a ghlac páirt in agóidí i gcoinne an réimis nó a thacaigh leis na hagóidí sin go poiblí. Tá Belorusneft freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	2.12.2021
27.	Cuideachta Comhstoic Oscailte 'Belshina'	AAT 'Белшина' OAO 'Белшина'	Seoladh: 4 Minskoe Shosse St., 213824 Bobruisk, Belarus Dáta clárúcháin: 10.1.1994 Cláruimhir: 700016217 Suíomh gréasáin: http://www.belshinajsc.by/	Tá Belshina OJSC ar na príomhchuideachtaí faoi úinéireacht Stáit sa Bhealarúis agus is monaróir mór bonn feithiclí é. Dá bhrí sin, is foinse thábhachtach ioncaim é do réimeas Lukashenka. Tá Stát na Bealarúise ag baint tairbhe dhíreach as an méid a thuilleann Belshina. Dá bhrí sin, tá Belshina ag tacú le réimeas Lukashenka. Fostaithe Belshina a ghlac páirt sna hagóidí agus a chuaigh ar stailc tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020 sa Bhealarúis, briseadh as a bpoist iad. Tá Belshina freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	2.12.2021"